Glao Áitiúil 1890 235 711

An tSeirbhís Sláinte Ceirde (OHS)

Do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, agus d'Oifigigh Chléireachais agus d'Fheighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79, agus d'Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-Bhunscoileanna faoi Scéim 1978.

Is é **Medmark Occupational Healthcare** atá ina sholáthraithe reatha de Sheirbhís Sláinte Ceirde thiomanta do scoileanna agus dá bhfostaithe. Is é an aidhm atá acu córas measúnaithe leighis arna chomhordú agus arna bhainistiú go maith a sholáthar, rud atá ina acmhainn thacúil, chun a chinntiú go gcomhlíonann an Roinn Oideachais agus Scileanna na hoibleagáidí dá cuid faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair, 2005. Tairgeann siad comhairle ghairmiúil um shláinte cheirde maidir le folláine leighis fostaithe faoi na ceannteidil a leanas:

- Measúnachtaí sláinte réamhfhostaíochta
- Measúnacht um asláithreacht tinnis
- Measúnachtaí leighis um fheidhmiúlacht chun filleadh chun na hoibre
- Measúnachtaí um scor de bharr drochshláinte
- Forálacha Tinnis Chriticiúil (CIP)

Conas is féidir liom an tseirbhís a rochtain?

Is féidir an tseirbhís a rochtain tríd an **líne chomhairle theileafóin ag 1890 235711** a bhíonn ar fáil Luan go hAoine, 9 r.n. go 5 i.n. Tá seirbhís freagartha lasmuigh de ghnáthuaireanta ar fáil freisin mar is féidir leat teachtaireacht a fhágáil agus déanfaidh Medmark a dhícheall glao a chur ar ais ort laistigh de 48 n-uaire.

Mar mhalairt air sin is féidir leat d'fhiosrúchán a sheoladh le ríomhphost chuig info@medmark4teachersna.ie